RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1705 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Iúil 2021

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le teacht isteach coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagail 234(2), 237(4), 239(2) agus 279(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ([2]) a fhorlíontar na rialacha maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429, a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach san Aontas.

(2) Tar éis a fhoilsiú Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, an 3 Meitheamh 2020, tugadh mionbhotúin agus easnaimh áirithe faoi deara i bhforálacha an Rialacháin Tharmligthe sin. Ba cheart na botúin agus na heasnaimh sin a cheartú, agus dá bhrí sin ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir sin.

(3) Ina theannta sin, ba cheart rialacha áirithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun a áirithiú go mbeidh siad comhsheasmhach le rialacha a leagtar síos i ngníomhartha tarmligthe eile arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2016/429, agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(4) Is gá freisin Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun imthosca áirithe a chumhdach a fágadh ar lár as raon feidhme an ghnímh sin i dtús báire, agus is gá féidearthachtaí áirithe a chumhdach dá bhforáiltear i ngníomhartha de chuid an Aontais a glacadh roimh Rialachán (AE) 2016/429, agus ba cheart iad sin a choinneáil faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429. Tá sé sin tábhachtach chun aistriú rianúil a áirithiú ó na ceanglais a leagtar síos sna gníomhartha sin de chuid an Aontais a bhí ann roimhe sin maidir le hainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, nó chun soiléiriú a thabhairt faoi na speicis agus na catagóirí ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ar cheart feidhm a bheith ag ceanglais áirithe maidir leo nó nár cheart feidhm a bheith ag ceanglais áirithe maidir leo.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)(IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

(5) Le Rialachán (AE) 2020/692, ba cheart aistriú rianúil a áirithiú ó na ceanglais a leagtar síos i ngníomhartha de chuid an Aontais a bhí ann roimhe sin maidir le hainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, mar is léir go bhfuil siad éifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart aidhm agus substaint na rialacha sin atá ann cheana a choinneáil sa Rialachán Tarmligthe sin, ach iad a chur in oiriúint don chreat reachtach nua arna bhunú le Rialachán (AE) 2016/429.

(6) Ina theannta sin, níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 maidir le táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo, cé is moite de na táirgí sin atá beartaithe lena bpróiseáil tuilleadh san Aontas, ós rud é nach bhfuil aon chúis shuntasach a bhaineann le sláinte ainmhithe ann táirgí den sórt sin a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin Tharmligthe sin. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 1(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, ina leagtar amach raon feidhme an ghnímh sin, a leasú.

(7) An sainmhíniú ar mhuc-ainmhí, mar a leagtar síos faoi láthair i bpointe (8) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, níl sé oiriúnach ach amháin chun críche teacht isteach na n-ainmhithe sin san Aontas. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún ([4]) leagtar síos rialacha i ndáil le gluaiseacht táirgí geirmeacha laistigh den Aontas, agus déantar forail ann maidir le sainmhíniú difriúil ar mhuc-ainmhithe, sainmhíniú is iomchuí i gcás deontóirí táirgí geirmeacha. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar mhuc-ainmhithe i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun teacht isteach san Aontas de mhuc-ainmhithe agus táirgí geirmeacha ó mhuc-ainmhithe araon a chumhdach.

(8) Níl an sainmhíniú ar "bhád umair" a leagtar síos faoi láthair i bpointe (48) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 i gcomhréir leis an sainmhíniú ar "bhád umair" a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/990 ón gCoimisiún ([5]). Ar mhaithe le comhsheasmhacht rialacha an Aontais, ba cheart an sainmhíniú i bpointe (48) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun é a thabhairt i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/990.

(9) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 leagtar síos ceanglais i ndáil le cigireacht a dhéanamh ar ainmhithe talún sula seolfar iad chuig an Aontas agus, i gcás éanlaithe clóis, cumhdaítear a n-ealta bhunaidh leis sin freisin. Mar sin féin, ba cheart a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag na ceanglais sin maidir le healta bhunaidh sicíní lae, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme go dtí an 21 Aibreán 2021 a leagadh síos i Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ón gCoimisiún ([6]). Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 13(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir sin.

(10) Le Rialachán (AE) 2020/692 a bhfuil feidhm aige ón 21 Aibreán 2021, ba cheart aistriú rianúil a áirithiú ó na ceanglais a leagtar síos i ngníomhartha de chuid an Aontais a bhí ann roimhe sin maidir le hainmhithe talún, agus le táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe talún a theacht isteach san Aontas, mar is léir go bhfuil siad éifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart aidhm agus substaint na rialacha sin a choinneáil sa Rialachán Tarmligthe sin, ach iad a chur in oiriúint don chreat reachtach nua arna bhunú le Rialachán (AE) 2016/429. Rinneadh foráil in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 ón gCoimisiún ([7]) maidir le coinsíneachtaí crúbach, seachas crúbacha a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil i mbunaíochtaí teoranta, tar éis iad a theacht isteach san Aontas, go bhfuil siad le fanacht ar an ngabháltas cinn scríbe ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad, mura rud é go seolfar go díreach chuig seamlas iad. Rinneadh Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 a aisghairm le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Mar sin féin, ní dhéantar foráil i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 maidir leis an bhféidearthacht na crúbacha a aistriú go seamlas le linn na tréimhse 30 lá tar éis a dteacht isteach san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 26 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht sin, ós rud é nach n-eascraíonn aon ábhar imní suntasach faoi shláinte ainmhithe as gluaiseachtaí le linn na tréimhse sin.

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunaíochtaí táirgí geirmeacha a fhormheas agus maidir le ceanglais inrianaitheachta agus sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 1).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/990 ón gCoimisiún an Dé Máirt 28 Aibreán 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe agus le deimhniúchán i dtaca le gluaiseachtaí laistigh den Aontas d'ainmhithe uisceacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha (IO L 221, 10.7.2020, lch. 42).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2008 lena leagtar síos liosta de thríú tíortha, críocha, criosanna nó deighleoga óna bhféadfar éanlaith chlóis agus táirgí éineola a allmhairiú isteach sa Chomhphobal agus a bheith faoi bhealach tríd agus na ceanglais deimhniúcháin tréidliachta (IO L 226, 23.8.2008, lch. 1).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 ón gCoimisiún an 12 Márta 2010 lena leagtar síos liostaí de thríú tíortha, críocha nó codanna díobh atá údaraithe chun ainmhithe áirithe agus feoil úr a thabhairt isteach san Aontas Eorpach agus na ceanglais deimhniúcháin tréidliachta (IO L 73, 20.3.2010, lch. 1).

(11) Ina theannta sin, an maolú ón gceanglas i ndáil leis an tréimhse chónaithe 30 lá sa bhunaíocht cinn scríbe tar éis a dteacht isteach san Aontas dá bhforáiltear in Airteagal 26 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 nach bhfuil feidhm aige faoi láthair ach amháin maidir le heach-ainmhithe atá beartaithe le haghaidh comórtas, rásaí agus imeachtaí cultúrtha, ba cheart an maolú sin a leathnú chun gach each-ainmhí a chumhdach, agus ba cheart an tAirteagal sin a leasú dá réir.

(12) I Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 déantar foráil maidir le maolú ó na ceanglais a leagtar síos sa ghníomh sin maidir le teacht isteach coinsíneachtaí éanlaithe clóis agus uibheacha goir ó éanlaithe clóis san Aontas i gcás coinsíneachtaí ina bhfuil líon is lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh, agus i gcás coinsíneachtaí ina bhfuil líon is lú ná 20 ubh ghoir ó éanlaithe clóis seachas ó raitítigh. Ceanglais áirithe i ndáil leis an modh iompair, leis na coimeádáin ina n-iompraítear isteach san Aontas iad, lena vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach agus lena ndíghalrú a bhfuil feidhm acu le héanlaith chlóis agus uibheacha goir, ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin freisin, áfach, maidir le teacht isteach san Aontas de choinsíneachtaí ina bhfuil líon is lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis, seachas raitítigh, agus de choinsíneachtaí ina bhfuil líon is lú ná 20 ubh ghoir ó éanlaithe clóis seachas ó raitítigh. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagail 49 agus 101 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir sin.

(13) Foráiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 gur cheart gach éan i mbraighdeanas a sheolfar chuig an Aontas a bheith vacsaínithe in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle. Mar sin féin, níl sé sin indéanta go praiticiúil agus níl sé ag teacht leis na ceanglais maidir le teacht isteach i mBallstáit leis an stádas saor ó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 57 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag na ceanglais maidir leis na vacsaíní a úsáidtear in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle i gcás nach ndearnadh na héin i mbraighdeanas a vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin.

(14) Tagann colúir rásaíochta faoin sainmhíniú ar "éin i mbraighdeanas" a leagtar síos i bpointe (10), Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429. Dá bhrí sin, na ceanglais shonracha maidir le sláinte ainmhithe i dtaca le héin i mbraighdeanas a leagtar síos i gCuid II, Teideal 3, Caibidil 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, tá feidhm acu maidir leis na hainmhithe sin freisin. Mar sin féin, leis na ceanglais sin cuirtear teorainn leis an bhféidearthacht go dtiocfadh colúir rásaíochta ó thríú tír nó ó thríú críoch nó ó chrios díobh isteach san Aontas agus é mar aidhm go n-eitleoidh siad ar ais go dtí an tríú tír nó tríú críoch nó crios díobh. Ina theannta sin, maidir le colúir rásaíochta a thugtar isteach san Aontas iad agus é mar aidhm go n-eitleoidh siad ar ais go dtí an tríú tír nó críoch tionscnaimh nó crios díobh, ní bhaineann an riosca céanna do shláinte ainmhithe leo agus a bhaineann le héin eile i mbraighdeanas. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le maolú ar na ceanglais shonracha maidir le sláinte ainmhithe d'éin i mbraighdeanas i dtaca le colúir rásaíochta a thabhairt isteach san Aontas ó thríú tír nó ó thríú críoch nó crios díobh, áit a gcoinnítear iad de ghnáth, agus é mar aidhm iad a scaoileadh láithreach agus go mbeifear ag súil leis go n-eitleoidh siad ar ais chuig an tríú tír sin nó an tríú críoch sin nó an crios sin díobh.

(15) Is in Airteagal 74 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leagtar síos na ceanglais sainaitheantais maidir le madraí, cait agus firéid a theacht isteach san Aontas. A mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir lena meán sainaitheantais, tagraíonn sé do ghníomhartha cur chun feidhme a ghlac an Coimisiún de bhun Airteagal 120 de Rialachán (AE) 2016/429. Mar sin féin, níor glacadh na gníomhartha cur chun feidhme sin go fóill toisc go ndéantar foráil in Airteagal 277 de Rialachán (AE) 2016/429 go leanfaidh Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) d'fheidhm a bheith aige go dtí an 21 Aibreán 2026 maidir le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí de na speicis sin. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 74 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun tagairt a dhéanamh do cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 576/2013.

(16) De bharr easnaimh, níl aon fhoráil i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 maidir le cigireacht a dhéanamh ar choinsíneachtaí táirgí geirmeacha sula seolfar chuig an Aontas iad. Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh coinsíneachtaí táirgí geirmeacha na ceanglais atá i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 sula gceadófar dóibh teacht isteach san Aontas, ba cheart an Rialachán Tarmligthe sin a leasú dá bhrí sin ionas go leagfar síos ann rialacha a bhaineann leis na scrúduithe agus na seiceálacha is gá ar na coinsíneachtaí sin.

(17) Déantar foráil in Airteagal 86 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 gur cheart cead a thabhairt do choinsíneachtaí úicítí agus suthanna ó bhó-ainmhithe teacht isteach san Aontas má thagann ainmhí bronntach ó bhunaíocht atá saor ó liúcóis bhuaibheach eansótach. In Airteagal 87(2) den Rialachán Tarmligthe sin déantar foráil maidir le maolú le haghaidh bunaíocht nach bhfuil saor ó liúcóis bhuaibheach eansótach faoi réir coinníollacha go bhfuil na

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 998/2003 (IO L 178, 28.6.2013, lch. 1)

hainmhithe bronntacha níos óige na 2 bhliain d'aois agus nach raibh aon chás cliniciúil de liúcóis bhuaibheach eansótach le linn tréimhse 3 bliana roimhe sin ar a laghad. Ba cheart feidhm a bheith ag an maolú sin maidir le bó-ainmhithe bronntacha gan beann ar a n-aois. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 87(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir sin.

(18) Déantar foráil i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 nach mór d'uibheacha goir ó éanlaith chlóis a bheith de thionscnamh ealtaí a ndearnadh cigireacht chliniciúil orthu laistigh de thréimhse 24 uair an chloig roimh am luchtaithe na coinsíneachta uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas. Mar sin féin, chuir tríú tíortha agus geallsealbhóirí in iúl go méadaíonn gan údar an ceanglas sin an t-ualach riaracháin ar údaráis inniúla agus ar oibreoirí agus gur riosca é do bhithshlándáil na mbunaíochtaí. Ós rud é gur de thionscnamh bunaíochtaí formheasta iad na huibheacha sin, ar bunaíochtaí iad a chuireann rialacha diana bithshlándála i bhfeidhm, is iomchuí creat ama níos leithne a cheadú chun cigireacht chliniciúil a dhéanamh ar ealta bhunaidh na n-uibheacha goir, cosúil leis an méid dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún ([9]) maidir le gluaiseacht na dtáirgí sin idir na Ballstáit. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 107 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir sin.

(19) I gCaibidil 4 de Theideal 2 de Chuid III de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 leagtar síos ceanglais maidir le huibheacha sonraithe saor ó phataiginí a theacht isteach san Aontas, lena n-áirítear ceanglais i ndáil le bunaíocht tionscnaimh na n-uibheacha sin. Ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun foráil a dhéanamh go ndéanfar na bunaíochtaí sin i dtríú tíortha a fhormheas i gcomhréir leis na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir leis na bunaíochtaí sin san Aontas.

(20) Ainmhithe uisceacha mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (3) de Rialachán (AE) 2016/429, cuimsíonn sé sin ainmhithe atá ar coimeád agus ainmhithe fiáine. Dá bhrí sin, féadfar a cheadú d'ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas ó bhunaíochtaí dobharshaothraithe agus ó ghnáthóga fiáine. Dá bhrí sin, féadfar iad a sheoladh ó "áit tionscnaimh" nó ó "bunaíocht tionscnaimh". Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, ba cheart an fhéidearthacht sin a cheadú agus dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 167, pointí (a) agus (d) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

(21) In Airteagal 172 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 déantar foráil maidir le maoluithe le haghaidh catagóirí áirithe ainmhithe uisceacha agus na táirgí díobh ón gceanglas atá orthu a bheith de thionscnamh tríú tír nó tríú críoch, nó crios nó deighleog díobh atá saor ó ghalair. I ngach cás, áfach, ainmhithe dobharshaothraithe agus na táirgí díobh a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, ní mór dóibh a bheith de thionscnamh bunaíochta, ar bunaíocht í atá cláraithe nó formheasta i gcomhréir le Cuid IV, Teideal II, Caibidil 1 de Rialachán (AE) 2016/429. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 172 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú leis an Rialachán seo chun a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag an maolú dá bhforáiltear ann maidir le hAirteagal 170, ach go sonrach maidir le hAirteagal 170(1) den Rialachán Tarmligthe sin.

(22) De bharr easnaimh, ba cheart Airteagal 174(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú ionas go dtagróidh sé d'Airteagal 170(1)(a)(iii), seachas d'Airteagal 170(a)(iii).

(23) Déantar foráil in Airteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 go mbeidh bearta náisiúnta formheasta ag na Ballstáit i gcás galar seachas galar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (d) den Rialachán sin. Ba cheart Airteagal 175 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis a leasú chun a shoiléiriú go bhféadfaidh na Ballstáit na bearta sin a dhéanamh ní hamháin i gcás galair nach bhfuil liostaithe ach i gcás galair a liostaítear in Airteagal 9(1), pointe (e) de Rialachán (AE) 2016/429.

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún agus uibheacha goir laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 140).

(24) Mar gheall ar an gcumas fada stocála le haghaidh seamhain, úicítí agus suthanna, ba cheart bearta idirthréimhseacha áirithe maidir le táirgí geirmeacha a bhailítear, a tháirgtear, a phróiseáiltear agus a stóráiltear i gcomhréir le Treoracha 88/407/CEE ([10]), 89/556/CEE ([11]), 90/429/CEE ([12]) agus 92/65/CEE ón gComhairle ([13]) a leagan síos i gCuid IV de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Ba cheart na bearta sin a beith bainteach le formheas na lárionad bailithe seamhain, na lárionad stórála seamhain, na bhfoirne bailithe suthanna agus na bhfoirne táirgthe suthanna faoi na Treoracha sin, agus le marcáil sop agus pacáistí eile ina ndéantar seamhan, úicítí nó suthanna a chur, a stóráil agus a iompar. Ba cheart na bearta sin a bheith bainteach freisin leis na ceanglais maidir le táirgí geirmeacha a bhailiú, a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil, leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe na n-ainmhithe bronntacha agus leis na tástálacha saotharlainne agus tástálacha eile a dhéantar ar ainmhithe bronntacha agus ar tháirgí geirmeacha faoi na Treoracha sin. Is gá a áirithiú nach gcuirfear isteach ar thrádáil na dtáirgí geirmeacha sin, i bhfianaise na tábhachta a bhaineann leo d'earnáil an phóraithe ainmhithe. Dá bhrí sin, chun leanúnachas a áirithiú maidir le teacht isteach san Aontas de choinsíneachtaí táirgí geirmeacha a bailíodh nó a táirgeadh roimh 21 Aibreán 2021 agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i dTreoracha 88/407/CEE, 89/556/CEE, 90/429/CEE agus 92/65/CEE, ba cheart forálacha idirthréimhseacha áirithe a leagan síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Ba cheart an Rialachán Tarmligthe sin a leasú dá réir sin.

(25) I dTábla 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos, i measc nithe eile, na ceanglais maidir le tréimhsí cónaithe le haghaidh each-ainmhithe roimh a dteacht isteach san Aontas. Go háirithe, leagtar síos tréimhsí cónaithe sonracha le haghaidh each-ainmhithe seachas each-ainmhithe cláraithe, le haghaidh each-ainmhithe cláraithe agus le haghaidh teacht isteach capall cláraithe athuair tar éis a n-onnmhairithe shealadaigh. Ba cheart na tréimhsí cónaithe sin a bheith níos mionsonraithe chun díriú ar na rioscaí a eascraíonn as teacht isteach each-ainmhithe nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú, teacht isteach capall cláraithe agus teacht isteach each-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú, chomh maith le teacht isteach athuair capall cláraithe tar éis a n-onnmhairithe shealadaigh. Ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú dá réir sin.

(26) I dTábla 2 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos na ceanglais maidir le tréimhsí cónaithe le haghaidh éanlaith chlóis roimh a dteacht isteach san Aontas. Go háirithe, leagtar síos tréimhsí cónaithe sonracha d'éanlaith chlóis tháirgiúil le haghaidh táirgeadh feola nó uibheacha lena gcaitheamh agus d'éanlaith chlóis tháirgiúil chun soláthairtí éanlaithe géim a athstocáil, ach ní leagtar síos iad d'éanlaith chlóis tháirgiúil chun táirgí eile a tháirgeadh. Dá bhrí sin, ba cheart tréimhse chónaithe shonrach a leagan síos freisin le haghaidh chatagóir na héanlaithe táirgiúla chun táirgí eile a tháirgeadh. Ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú dá réir sin.

(27) I bpointe 2 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le héanlaith chlóis agus uibheacha goir de thionscnamh tríú tír nó tríú críoch nó crios díobh i gcás nach gcomhlíonann na vacsaíní a úsáidtear in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle na critéir shonracha a leagtar amach i bpointe 1 den Iarscríbhinn sin. Mar sin féin, ba cheart soiléiriú breise a thabhairt faoi cé acu de na ceanglais sin a bhfuil feidhm acu maidir le héanlaith chlóis, uibheacha goir agus a n-ealta bhunaidh. Ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú dá réir sin.

(28) Leis na rialacha i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, déantar forlíonadh ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429. Toisc go bhfuil gaol idir na rialacha sin, leagtar síos iad le chéile in aon ghníomh amháin. Ar mhaithe le soiléireacht agus chun iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach, is iomchuí na rialacha lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leagan síos freisin i ngníomh tarmligthe ar leith lena bhforáiltear tacar cuimsitheach ceanglas maidir le hainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas.

(29) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir sin.

(30) Beidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón 21 Aibreán 2021. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

---

([10]) Treoir 88/407/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1988 lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le trádáil i seamhan ainmhithe clóis den speiceas buaibheach laistigh den Chomhphobal agus maidir lena n-allmhairiú (IO L 194, 22.7.1988, lch. 10).

([11]) Treoir 89/556/CEE ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 1989 maidir le coinníollacha le haghaidh sláinte ainmhithe lena rialaítear trádáil i suthanna ainmhithe clóis den speiceas buaibheach laistigh den Chomhphobal agus a n-allmhairiú ó thríú tíortha (IO L 302, 19.10.1989, lch. 1).

([12]) Treoir 90/429/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le trádáil laistigh den Chomhphobal de sheamhan ainmhithe clóis den speiceas mucach agus allmhairí díobh (IO L 224, 18.8.1990, lch. 62).

([13]) Treoir 92/65/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1992 lena leagtar síos ceanglais maidir le sláinte ainmhithe, lena rialaítear trádáil agus allmhairithe isteach sa Chomhphobal d'ainmhithe, seamhan, ubháin agus suthanna nach bhfuil faoi réir na gceanglas maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos sna rialacha sonracha Comhphobail dá dtagraítear in Iarscríbhinn A (I) a ghabhann le Treoir 90/425/CEE (IO L 268, 14.9.1992, lch. 54).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

"6. Leagtar síos i gCuid V na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le teacht isteach san Aontas, chomh maith lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh teacht isteach, agus maoluithe ó na ceanglais sin maidir leis na speicis seo a leanas d'ainmhithe uisceacha ag gach céim dá saolré chomh maith leis na táirgí de bhunadh ainmhíoch a eascraíonn astu, gan táirgí de bhunadh ainmhíoch a áireamh seachas ainmhithe uisceacha beo atá beartaithe lena gcaitheamh go díreach ag an duine agus ainmhithe uisceacha fiáine agus na táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe uisceacha fiáine sin a thugtar i dtír ó shoithí iascaireachta atá beartaithe lena gcaitheamh go díreach ag an duine:";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

"8. Leagtar síos forálacha idirthréimhseacha agus forálacha críochnaitheacha i gCuid VII.";

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (8):

"(8) ciallaíonn 'muc-ainmhí' ainmhí de na speicis crúbach den fhine *Suidae* a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/429 chun críche ainmhí nó ainmhí den speiceas crúbach *Sus scrofa* a theacht isteach san Aontas nó chun críche táirgí geirmeacha a theacht isteach san Aontas;";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (48):

"(48) ciallaíonn 'bád umair' 'bád umair' de réir mar a shainmhínítear i bpointe 2 d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/990 ón gCoimisiún (*);

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/990 ón gCoimisiún an Dé Máirt 28 Aibreán 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe agus le deimhniúchán i dtaca le gluaiseachtaí laistigh den Aontas d'ainmhithe uisceacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha (IO L 221, 10.7.2020, lch. 42).";

(3) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(i):

"(i) i gcás ainmhithe talún, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch, tríú tír nó críoch liostaithe nó crios díobh maidir leis an speiceas áirithe agus an chatagóir áirithe ainmhithe sin, le táirgí geirmeacha agus le táirgí de bhunadh ainmhíoch;";

(4) in Airteagal 13(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"I gcás éanlaithe clóis, seachas sicíní lae, agus éin i mbraighdeanas, cuimseoidh an chigireacht sin ealta bhunaidh na n-ainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a sheoladh chuig an Aontas freisin.";

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:

"Airteagal 26

Gluaiseacht agus láimhseáil na gcrúbach tar éis dóibh a theacht isteach san Aontas

Tar éis dóibh a theacht isteach san Aontas, fanfaidh crúbaigh, seachas each-ainmhithe, ina mbunaíocht cinn scríbe go ceann tréimhse 30 lá ar a laghad ón dáta a thiocfaidh siad isteach sa bhunaíocht sin, mura n-aistrítear iad lena marú.";

(6) Leasaítear Airteagal 49 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

"De mhaolú ar Airteagal 14(3), Airteagal 40 agus Airteagail 43 go 48, ceadófar do choinsíneachtaí ina bhfuil líon is lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis, seachas raitítigh, a theacht isteach san Aontas ar choinníoll go gcomhlíonfaidh coinsíneachtaí den sórt sin na ceanglais seo a leanas:";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

" (c) a mhéid a bhaineann lena vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach:

(i) ní dhearnadh na héanlaith chlóis a vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach;

(ii) ní dhearnadh ealta bhunaidh na héanlaithe clóis, seachas sicíní lae, a vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach;

(iii) i gcás ina ndearnadh máthair-ealta na sicíní lae a vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach, tá ráthaíochtaí maidir le comhlíonadh na n-íoscheanglas i ndáil le cláir vacsaínithe agus le faireachas breise a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII soláthartha ag an tríú tír nó an tríú críoch thionscnaimh;";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e)(iii):

"(iii) *Salmonella* Pullorum agus *Salmonella* Gallinarum i gcás *Numida meleagris, Coturnix coturnix, Phasianus colchicus, Perdix perdix, Anas* spp.;";

(d) cuirtear an pointe (f) seo a leanas leis:

"(f) tagann na sicíní lae as uibheacha goir a bhí díghalraithe roimh a ngor i gcomhréir leis na treoracha ó údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch thionscnaimh.";

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 57:

"Airteagal 57

Ceanglais shonracha sláinte ainmhithe maidir le héin i mbraighdeanas

Ní cheadófar do choinsíneachtaí éan i mbraighdeanas a theacht isteach san Aontas ach amháin má chomhlíonann ainmhithe na coinsíneachta na ceanglais seo a leanas:

(a) ní dhearnadh iad a vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach;

(b) (b) i gcás ina ndearnadh iad a vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle, tá ráthaíochtaí tugtha ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch thionscnaimh go gcomhlíonann na vacsaíní a úsáideadh na critéir ghinearálta agus shonracha maidir le vacsaíní in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn XV;

(c) cuireadh faoi réir tástáil braite víris iad i leith fliú éanúil ardphataigineach agus ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle, tástáil a raibh torthaí diúltacha uirthi, laistigh de thréimhse 7 go 14 lá roimh dháta a luchtaithe le haghaidh a seolta chuig an Aontas.";

(8) In Airteagal 60, athuimhrítear pointe (b)(vi) mar phointe (c) mar a leanas:

"(c) gan na héin i mbraighdeanas a scaoileadh ón gcoraintín ach amháin ar údarú i scríbhinn ó thréidlia oifigiúil.";

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 62:

"Airteagal 62

Maolú ar na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe i dtaca le héin i mbraighdeanas a theacht isteach san Aontas

1. De mhaolú ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 3 go 10, seachas i bpointe (a)(i) d'Airteagal 3, in Airteagail 11 go 19 agus in Airteagail 53 go 61, ceadófar do choinsíneachtaí éan i mbraighdeanas nach gcomhlíonann na ceanglais sin teacht isteach san Aontas más de thionscnamh tríú tíortha nó tríú críocha iad a liostaítear go sonrach maidir le teacht isteach éan i mbraighdeanas san Aontas bunaithe ar ráthaíochtaí coibhéiseacha.

2. De mhaolú ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 11 agus in Airteagail 54 go 58, maidir le coinsíneachtaí colúir rásaíochta a thagann isteach san Aontas ó thríú tír nó ó thríú críoch nó crios díobh, áit a gcoinnítear iad de ghnáth, agus é mar aidhm iad a scaoileadh láithreach agus go mbeifear ag súil leis go n-eitleoidh siad ar ais chuig an tríú tír sin nó an tríú críoch sin nó crios díobh agus nach gcomhlíontar na ceanglais sin, ceadófar dóibh teacht isteach san Aontas má chomhlíonann siad na ceanglais seo a leanas:

(a) gur chinn an Ballstát cinn scríbe go bhféadfaidh na colúir rásaíochta teacht isteach ar a chríoch ón tríú tír, ón tríú críoch nó ón gcrios díobh i gcomhréir le hAirteagal 230(2) de Rialachán (AE) 2016/429;

(b) go dtagann siad ó bhunaíocht chláraithe laistigh de gha 10 km, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch aon tíre comharsanachta, nach raibh aon ráig den fhliú éanúil ardphataigineach ná ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle ann ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh an dáta luchtaithe lena seoladh chuig an Aontas;

(c) nach ndearnadh iad a vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach;

(d) go ndearnadh iad a vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle, agus go bhfuil ráthaíochtaí tugtha ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch thionscnaimh go gcomhlíonann na vacsaíní a úsáideadh na critéir ghinearálta agus shonracha maidir le vacsaíní in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn XV;

(e) go dtagann siad ó bhunaíocht ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle.

3. De mhaolú ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 59, 60 agus 61, maidir le húdarás inniúil an Bhallstáit ina dtagann na colúir rásaíochta isteach san Aontas, féadfaidh sé a údarú go dtabharfar colúir rásaíochta isteach san Aontas gan iad a iompair go díreach chuig bunaíocht choraintín arna formheas i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 más rud é:

(a) gur colúir rásaíochta atá iontu a tháinig isteach san Aontas ó thríú tír nó tríú críoch nó crios díobh ina gcoinnítear iad de ghnáth i gcomhréir le mír 2;

(b) gur scaoileadh láithreach iad, faoi rialú an údaráis inniúil, agus go mbeifear ag siúl leis go n-eitleoidh siad ar ais chuig an tríú tír nó an tríú críoch thionscnaimh nó crios díobh.";

(10) in Airteagal 74, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ní cheadófar do choinsíneachtaí madraí, cat ná firéad a theacht isteach san Aontas ach amháin má shainaithnítear gach ainmhí sa choinsíneacht ina n-aonar le trasfhreagróir in-insteallta mar a liostaítear i bpointe (e) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, rud a d'ionchlannaigh tréidlia agus a chomhlíonann na ceanglais theicniúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 576/2013.";

(11) in Airteagal 80, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) a d'fhan i dtríú tír nó i dtríú críoch nó i gcrios díobh a liostaítear maidir le teacht isteach san Aontas an speicis nó na catagóire áirithe de tháirge geirmeach, roimh dháta an bhailithe:

(i) i gcás bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach, agus ainmhithe den chineál gabhair, ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad;

(ii) i gcás muc-ainmhithe, agus each-ainmhithe, ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad;";

(12) in Airteagal 83, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(iii):

"(iii) uimhir formheasa uathúil bhunaíocht an táirge gheirmigh, le haghaidh bhailiú nó tháirgeadh, phróiseáil agus stóráil na dtáirgí geirmeacha sin;";

(13) i ndiaidh Airteagal 85, cuirtear an tAirteagal 85a seo a leanas isteach:

"Airteagal 85a

Cigireacht ar choinsíneachtaí táirgí geirmeacha sula seolfar chuig an Aontas iad

Maidir le coinsíneachtaí seamhain, úicítí agus suthanna ó bhó-ainmhithe, muc-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach, ainmhithe den chineál gabhair agus each-ainmhithe, ní cheadófar dóibh a theacht isteach san Aontas ach amháin más rud é gur cuireadh na coinsíneachtaí sin faoi réir scrúdú amhairc agus seiceáil dhoiciméadach, arna ndéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír nó sa tríú críoch thionscnaimh nó i gcrios díobh, laistigh den tréimhse 72 uair an chloig roimh am an tseolta chuig an Aontas mar a leanas:

(a) scrúdú amhairc ar an gcoimeádán iompair chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 84 a fhíorú;

(b) seiceáil dhoiciméadach ar na sonraí arna gcur isteach ag an lárionad nó ag tréidlia foirne chun a áirithiú:

(i) go mbeidh an fhaisnéis a bheidh le deimhniú tacaithe leis na taifid a choinnítear i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

— Airteagal 8(1)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686; agus

— pointe (d) d'Airteagal 8 den Rialachán seo;

(ii) go mbeidh an marc ar na soip nó ar na pacáistí eile, arna gcur i bhfeidhm de réir phointe (a) d'Airteagal 83, ag comhfhreagairt leis an uimhir a luafar ar an deimhniú sláinte ainmhithe agus ar an gcoimeádán ina n-iompráfar iad;

(iii) gur comhlíonadh na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe dá dtagraítear i dTeideal 1 de Chuid III.';

(14) in Airteagal 87, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. De mhaolú ar phointe (b)(iii) d'Airteagal 86, ceadófar do choinsíneachtaí úicítí agus suthanna bó-ainmhithe a theacht isteach san Aontas más rud é go dtagann ainmhí bronntach ó bhunaíocht nach bhfuil saor ó liúcóis bhuaibheach eansótach ar choinníoll gur dheimhnigh an tréidlia oifigiúil atá freagrach as an mbunaíocht tionscnaimh nach raibh aon chás cliniciúil de liúcóis bhuaibheach eansótach sa bhunaíocht sin le linn tréimhse 3 bliana roimhe sin ar a laghad.";

(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 91:

"Airteagal 91

Bunaíocht tionscnaimh na n-ainmhithe den chineál caorach agus na n-ainmhithe den chineál gabhair

Ní cheadófar do choinsíneachtaí seamhain, úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair a theacht isteach san Aontas ach amháin más rud é gur bailíodh iad ó ainmhithe bronntacha a thagann ó bhunaíocht a bhí saor ó ionfhabhtú *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* agus nach raibh siad riamh in aon bhunaíocht arbh ísle a stádas.";

(16) in Airteagal 100, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)(ii):

"(ii) aistríodh na huibheacha goir go díreach agus a luaithe is féidir chuig an soitheach nó chuig an aerárthach a bhí le húsáid don taisteal ar aghaidh chuig an Aontas, ar soitheach nó aerárthach iad a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i bpointe (a) d'Airteagal 102, gan áitreabh an chalafoirt nó an aerfoirt a fhágáil;";

(17) i bpointe (a) d'Airteagal 102, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

"(a) ní mór gur iompraíodh na huibheacha goir ar mhodh iompair:";

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 107, pointe (f):

"(f) tá ceann amháin den dá rud seo fíor ina leith:

(i) rinne tréidlia oifigiúil cigireacht chliniciúil orthu sa tríú tír nó sa tríú críoch thionscnaimh nó i gcrios díobh, laistigh de thréimhse 72 uair an chloig roimh am luchtaithe na coinsíneachta uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas chun comharthaí a bhrath a léiríonn go raibh galair ann, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus galair atá ag teacht chun cinn, agus nár léirigh siad aon comhartha sóirt galair ná aon fhoras le bheith in amhras fúthu;

nó

(ii) rinne

— tréidlia oifigiúil cigireachtaí cliniciúla oifigiúla orthu sa tríú tír nó sa tríú críoch thionscnaimh nó i gcrios díobh, agus an chigireacht is déanaí déanta laistigh de thréimhse 31 lá roimh am luchtaithe na coinsíneachta uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas chun comharthaí a bhrath a léiríonn go raibh galair ann, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus galair atá ag teacht chun cinn, agus nár léirigh siad aon chomhartha sóirt galair ná aon fhoras le bheith in amhras fúthu;

— tréidlia oifigiúil meastóireacht ar a stádas sláinte reatha orthu sa tríú tír nó sa tríú críoch thionscnaimh nó i gcrios díobh, laistigh de thréimhse 72 uair an chloig roimh am luchtaithe na coinsíneachta uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas, mar a ndearnadh meastóireacht orthu le faisnéis cothrom le dáta arna soláthar ag oibreoir agus le seiceálacha doiciméadacha ar na taifid sláinte agus táirgthe a choimeádtar sa bunaíocht, chun comharthaí a bhrath a léiríonn go raibh galair ann, lena n-áirítear galair atá ag teacht chun cinn agus na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.";

(19) Leasaítear Airteagal 110 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

"De mhaolú ar Airteagail 101, 106, 107 agus 108, coinsíneachtaí ina bhfuil líon is lú ná 20 ubh ghoir ó éanlaithe clóis seachas ó raitítigh, ceadófar dóibh a theacht isteach san Aontas más rud é go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais seo a leanas:";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) tagann siad ó ealtaí a ndearna tréidlia oifigiúil cigireacht chliniciúil orthu sa tríú tír nó sa tríú críoch thionscnaimh nó i gcrios díobh, laistigh de thréimhse 24 uair an chloig roimh am luchtaithe na gcoinsíneachtaí uibheacha goir lena seoladh chuig an Aontas chun comharthaí a bhrath a léiríonn go raibh galair ann, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus galair atá ag teacht chun cinn, agus nár léirigh na healtaí aon chomhartha sóirt galair ná aon fhoras le bheith in amhras fúthu;";

(c) i bpointe (e)(ii), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fleiscín:

"— *Salmonella Pullorum agus Salmonella Gallinarum i gcás Numida meleagris, Coturnix coturnix, Phasianus colchicus, Perdix perdix, Anas spp.*;";

(d) cuirtear an pointe (f) seo a leanas leis:

"(f) ní mór go ndearnadh na huibheacha goir a dhíghalrú i gcomhréir leis na treoracha ó údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch thionscnaimh.";

(20) in Airteagal 111, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(iii):

"(iii) gur coimeádadh iad ar feadh tréimhse leanúnach sé seachtaine roimh dháta bailithe na n-uibheacha lena seoladh chuig an Aontas i mbunaíochtaí:

— a chomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear sa Pharmacopoeia Eorpach;

— atá formheasta ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch thionscnaimh i gcomhréir le ceanglais atá coibhéiseach, ar a laghad, leo siúd a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, ar formheas é nár cuireadh ar fionraí agus nár tarraingíodh siar;";

(21) i ndiaidh Airteagal 119, cuirtear an tAirteagal 119a seo a leanas isteach:

"Airteagal 119a

Cigireacht ar choinsíneachtaí táirgí geirmeacha sula seolfar chuig an Aontas iad

Coinsíneachtaí seamhain, úicítí agus suthanna dá dtagraítear in Airteagal 117, ní cheadófar dóibh a theacht isteach san Aontas ach amháin más rud é gur cuireadh na coinsíneachtaí sin faoi réir scrúdú amhairc agus seiceáil dhoiciméadach, arna ndéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír nó sa tríú críoch thionscnaimh nó i gcrios di, laistigh den tréimhse 72 uair an chloig roimh am an tseolta chuig an Aontas mar a leanas:

(a) scrúdú amhairc ar an gcoimeádán iompair chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 119 a fhíorú;

(b) seiceáil dhoiciméadach ar na sonraí a chuireann tréidlia na bunaíochta isteach, tréidlia atá freagrach as na gníomhaíochtaí a dhéantar ag an mbunaíocht theoranta chun a áirithiú:

(i) go mbeidh an bhfaisnéis a bheidh le deimhniú tacaithe leis na taifid a choinnítear sa bhunaíocht theoranta:

(ii) go mbeidh an marc ar na soip nó ar na pacáistí eile, arna gcur i bhfeidhm de réir phointe (a) d'Airteagal 119, ag comhfhreagairt leis an uimhir a luafar ar an deimhniú sláinte ainmhithe agus ar an gcoimeádán ina n-iomprófar iad;

(iii) gur comhlíonadh na ceanglais sláinte ainmhithe dá dtagraítear i dTeideal 3 de Chuid III.";

(22) in Airteagal 125(c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

"(i) rinneadh iad a ghlanadh agus a dhíghalrú le díghalrán atá údaraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch thionscnaimh roimh luchtú na gconablach lena seoladh chuig an mbunaíocht láimhseála géim;";

(23) in Airteagal 154, cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

"3. Na hainmhithe as a dtagann bainne amh, gruth buí nó táirgí atá bunaithe ar ghruth buí a bhfuil a dteacht isteach san Aontas beartaithe, ní cheanglófar orthu an tréimhse chónaithe dá dtagraítear i mír 2 a chomhlíonadh, ar choinníoll gur tugadh isteach sa tríú tír nó sa tríú críoch nó i gcrios díobh ó:

(a) tríú tír nó tríú críoch eile nó crios díobh a liostaítear chun teacht isteach san Aontas bainne amh, gruth buí nó táirgí atá bunaithe ar ghruth buí, agus inar fhan na hainmhithe ansin ar feadh 3 mhí ar a laghad roimh a bhfleán; nó

(b) Ballstát.";

(24) Leasaítear Airteagal 167 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

"(a) seoladh iad go díreach óna n-áit tionscnaimh chuig an Aontas;

(b) ní dhearnadh iad a dhíluchtú óna gcoimeádán agus iad á n-iompar d'aer, de mhuir, d'iarnród nó de bhóthar, agus níor athraíodh an t-uisce ina n-iompraítear iad, i dtríú tír nó i dtríú críoch, i gcrios nó i ndeighleog nach bhfuil liostaithe le haghaidh theacht isteach an speicis agus na catagóire áirithe ainmhithe uisceacha san Aontas;";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) ón am luchtaithe ag an áit tionscnaimh go dtí am sroichte an Aontais, ní mór gan iad a bheith iompartha san uisce ná sa choimeádán ná sa bhád umair céanna in éineacht le hainmhithe uisceacha a raibh stádas sláinte níos ísle acu nó nach raibh a dteacht isteach san Aontas beartaithe;";

(25) in Airteagal 169(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) ní mór na ráitis seo a leanas a bheith ar an lipéad inléite dá dtagraítear i bpointe (a), de réir mar is ábhartha::

(i) 'iasc a bheartaítear lena chaitheamh ag an duine tar éis tuilleadh próiseála a dhéanamh san Aontas Eorpach';

(ii) 'moilisc a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine tar éis tuilleadh próiseála a dhéanamh san Aontas Eorpach';

(iii) 'crústaigh a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine tar éis tuilleadh próiseála a dhéanamh san Aontas Eorpach'.";

(26) in Airteagal 172, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

"De mhaolú ar Airteagal 170(1), ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos san Airteagal sin maidir leis na catagóirí ainmhithe uisceacha seo a leanas:";

(27) in Airteagal 173, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) éisc a bheartaítear lena chaitheamh ag an duine tar éis tuilleadh próiseála a dhéanamh san Aontas Eorpach, ar éisc iad a maraíodh agus a dí-inníodh sular seoladh iad chuig an Aontas.";

(28) in Airteagal 174, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Ní fhéadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit an t-údarú dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo a dheonú ach amháin i gcás nach gcuirfear stádas sláinte na n-ainmhithe uisceacha ag áit an scaoilte nó in áit an tumtha i mbaol nuair a scaoilfear nó nuair a thumfar in uiscí nádúrtha iad, agus i ngach cás, comhlíonfaidh an scaoileadh sin san fhiadhúlra an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 170(1)(a)(iii).";

(29) Leasaítear Airteagal 175 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Airteagal 175

Ceanglais bhreise maidir le sláinte ainmhithe chun teorainn a chur le tionchar na ngalar a bhfuil bearta náisiúnta formheasta ag na Ballstáit ina leith i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Údaráis inniúla na mBallstát a bhfuil bearta náisiúnta formheasta acu, i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429, in aghaidh galair seachas na galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(d) den Rialachán sin, déanfaidh siad bearta chun tabhairt isteach na ngalar sin a chosc trí cheanglais sláinte ainmhithe bhreise a chur i bhfeidhm maidir le teacht isteach san Aontas de choinsíneachtaí ainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo, ar de na speicis iad a liostaítear sa dara colún den tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán seo."

(30) Leasaítear Cuid VII mar a leanas:

(a) i gCuid VII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"CUID VII

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA";

(b) cuirtear an tAirteagal 182a seo a leanas isteach i ndiaidh theideal Chuid VII agus roimh Airteagal 183:

"Airteagal 182a

Bearta idirthréimhseacha

1. Lárionad bailithe seamhain, lárionad stórála seamhain, foirne bailithe suthanna agus foirne táirgthe suthanna a formheasadh roimh an 21 Aibreán 2021 i gcomhréir le Treoracha 88/407/CEE (*), 89/556/CEE (**), 90/429/CEE (***) agus 92/65/CEE (****) ón gComhairle dá dtagraítear sa 6ú, 7ú, 8ú agus 12ú fleasc d'Airteagal 270(2) de Rialachán (AE) 2016/429, measfar gur bunaíochtaí táirgí geirmeacha formheasta iad dá dtagraítear in Airteagal 82(1) den Rialachán seo.

Ar gach bealach eile, beidh siad faoi réir na rialacha dá bhforáiltear in Airteagal 82(2) den Rialachán seo, agus in Airteagal 233 de Rialachán (AE) 2016/429.

2. Ceadófar coinsíneachtaí seamhain, úicítí agus suthanna a bhailítear, a tháirgtear, a phróiseáiltear agus a stóráiltear roimh an 21 Aibreán 2021 a theacht isteach san Aontas, ar choinníoll go gcomhlíonann siad, a mhéid a bhaineann le táirgí geirmeacha a bhailiú, a tháirgeadh, a phróiseáil agus a stóráil, le ceanglais maidir le sláinte ainmhithe bronntacha agus le tástálacha saotharlainne agus tástálacha eile a dhéantar ar ainmhithe bronntacha agus ar tháirgí geirmeacha, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos i dTreoracha 88/407/CEE, 89/556/CEE, 90/429/CEE agus 92/65/CEE faoi seach maidir le speiceas na n-ainmhithe bronntacha.

3. Soip agus pacáistí eile ina ndéantar seamhan, úicítí nó suthanna a chur, a stóráil agus a iompar, bídís deighilte i ndáileoga aonair nó nach bídís, a mharcáiltear roimh an 21 Aibreán 2021 i gcomhréir le Treoracha 88/407/CEE, 89/556/CEE, 90/429/CEE agus 92/65/CEE faoi seach maidir le speiceas na n-ainmhithe bronntacha, measfar iad a bheith marcáilte i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 83 den Rialachán seo.

_____

(*) Treoir 88/407/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1988 lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le trádáil i seamhan ainmhithe clóis den speiceas buaibheach laistigh den Chomhphobal agus maidir lena n-allmhairiú (IO L 194, 22.7.1988, lch. 10).

(**) Treoir 89/556/CEE ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 1989 maidir le coinníollacha le haghaidh sláinte ainmhithe lena rialaítear trádáil i suthanna ainmhithe clóis den speiceas buaibheach laistigh den Chomhphobal agus a n-allmhairiú ó thríú tíortha (IO L 302, 19.10.1989, lch. 1).

(***) Treoir 90/429/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le seamhan ainmhithe clóis den speiceas mucach a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus a allmhairiú (IO L 224, 18.8.1990, lch. 62).

(****) Treoir 92/65/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1992 lena leagtar síos ceanglais maidir le sláinte ainmhithe, lena rialaítear trádáil agus allmhairithe isteach sa Chomhphobal d'ainmhithe, seamhan, ubháin agus suthanna nach bhfuil faoi réir na gceanglas maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos sna rialacha sonracha Comhphobail dá dtagraítear in Iarscríbhinn A (I) a ghabhann le Treoir 90/425/CEE (IO L 268, 14.9.1992, lch. 54).';

(c) in Airteagal 184, cuirtear an teideal seo a leanas isteach:

"Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm";

(31) Leasaítear Iarscríbhinní III, VIII, XV, XXVIII agus XXIX i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní III, VIII, XV, XXVIII agus XXIX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 mar a leanas:

1. Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) i dTábla 1, sa tríú, sa cheathrú agus sa chúigiú ró, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann le heach-ainmhithe seachas each-ainmhithe cláraithe, le heach-ainmhithe cláraithe agus le capaill chláraithe atá ag teacht isteach athuair tar éis a n-onnmhairithe shealadaigh le haghaidh comórtas, rásaí nó ócáidí eachaíochta cultúrtha:

Speiceas agus catagóir ainmhithe	*Tréimhse chónaithe íosta sa tríú tír nó sa tríú críoch tionscnaimh nó i gcrios díobh, dá dtagraítear in Airteagal 11(b)(i)*	*Tréimhse chónaithe íosta sa bhunaíocht tionscnaimh, dá dtagraítear in Airteagal 11(b)(i)*	*Tréimhse íosta gan aon teagmháil le hainmhithe a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu dá dtagraítear in Airteagal 11(b)(iii)*
"Each-ainmhithe nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú	40 lá nó ón uair a rugadh iad, más rud é gur óige ná 40 lá d'aois atá na hainmhithe, nó óna dteacht isteach ón Aontas	30 lá (40 lá ó limistéir riosca maidir le tinneas Afracach eachaí) nó ón uair a rugadh iad, más rud é gur óige ná 30 lá d'aois (40 lá) atá na hainmhithe, nó óna dteacht isteach ón Aontas	15 lá
Capaill chláraithe	40 lá nó ón uair a rugadh iad más rud é gur óige ná 40 lá d'aois atá na hainmhithe nó óna dteacht isteach ón Aontas nó ó thríú tíortha liostaithe áirithe	30 lá (40 lá ó limistéir riosca maidir le tinneas Afracach eachaí) nó ón uair a rugadh iad, más rud é gur óige ná 30 lá d'aois (40 lá) atá na hainmhithe, nó óna dteacht isteach ón Aontas nó ó thríú tíortha liostaithe áirithe	15 lá
Capaill chláraithe atá ag teacht isteach athuair tar éis a n-onnmhairithe shealadaigh le haghaidh comórtas, rásaí nó ócáidí eachaíochta cultúrtha	suas le 30 lá nó suas le 90 lá i gcás comórtas, rásaí nó ócáidí eachaíochta cultúrtha sonracha	Níl sí bunaithe	Ar feadh thréimhse iomlán an onnmhairithe shealadaigh
Each-ainmhithe nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú	90 lá	30 lá (40 lá ó limistéir riosca maidir le tinneas Afracach eachaí)	30 lá (40 lá ó limistéir riosca maidir le tinneas Afracach eachaí)";

(b) Leasaítear Tábla 2 mar a leanas:

(i) sa dara ró, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le héanlaith chlóis tháirgiúil le haghaidh táirgeadh feola nó uibheacha lena gcaitheamh:

Catagóir éan	*Tá feidhm ag an tréimhse chónaithe maidir le*	*Tréimhse chónaithe íosta sa tríú tír nó sa tríú críoch tionscnaimh nó i gcrios díobh, dá dtagraítear in Airteagal 11(b)(i)*	*Tréimhse chónaithe íosta sa bhunaíocht tionscnaimh, dá dtagraítear in Airteagal 11(b)(i)*	*Tréimhse íosta gan aon teagmháil le hainmhithe a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu dá dtagraítear in Airteagal 11(b)(iii)*
"Éanlaith chlóis tháirgiúil le haghaidh táirgeadh feola agus uibheacha lena gcaitheamh agus táirgí eile	Ainmhithe na Coinsíneachta	3 mhí, nó óna ngoradh, más rud é gur óige ná 3 mhí d'aois atá na hainmhithe	6 seachtaine, nó óna ngoradh, más rud é gur óige ná 6 seachtaine d'aois atá na hainmhithe	6 seachtaine, nó óna ngoradh, más rud é gur óige ná 6 seachtaine d'aois atá na hainmhithe";

(ii) sa chúigiú ró, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le sicíní lae:

Catagóir éan	*Tá feidhm ag an tréimhse chónaithe maidir le*	*Tréimhse chónaithe íosta sa tríú tír nó sa tríú críoch tionscnaimh nó i gcrios díobh, dá dtagraítear in Airteagal 11(b)(i)*	*Tréimhse chónaithe íosta sa bhunaíocht tionscnaimh, dá dtagraítear in Airteagal 11(b)(i)*	*Tréimhse íosta gan aon teagmháil le hainmhithe a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu dá dtagraítear in Airteagal 11(b)(iii)*
"Sicíní lae	Ainmhithe na Coinsíneachta	Ó tharla a ngoradh	Ó tharla a ngoradh	Ó tharla a ngoradh
	Ealta Thionscnaimh	3 mhí roimh dháta bailithe na n-uibheacha ónar goradh na sicíní lae	6 seachtaine roimh dháta bailithe na n-uibheacha ónar goradh na sicíní lae	-";

2. in Iarscríbhinn VIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1, fonóta (**):

"(**) ní bhaineann seo le hábhar más de thionscnamh tríú tír, tríú críoch nó crios a aithnítear mar limistéar atá saor nó saor go séasúrach ón ngalar atá ar an liosta de thríú tíortha, tríú críocha nó criosanna díobh óna n-údaraítear coinsíneachtaí crúbach teacht isteach san Aontas";

3. In Iarscríbhinn XV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

"2. **CEANGLAIS SLÁINTE AINMHITHE MAIDIR LE hÉANLAITH CHLÓIS AGUS UIBHEACHA GOIR DE THIONSCNAMH TRÍÚ TÍR NÓ TRÍÚ CRÍOCH NÓ CRIOS DÍOBH I gCÁS NACH gCOMHLÍONANN NA VACSAÍNÍ A ÚSÁIDTEAR IN AGHAIDH IONFHABHTÚ VÍREAS GHALAR NEWCASTLE NA CRITÉIR SHONRACHA A LEAGTAR AMACH I BPOINTE 1**

Maidir le héanlaith chlóis agus uibheacha goir de thionscnamh tríú tír nó tríú críoch nó crios díobh i gcás nach gcomhlíonann na vacsaíní a úsáidtear in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle na critéir shonracha a leagtar amach i bpointe 1.2, ní mór dóibh na ceanglais a leagtar amach thíos a chomhlíonadh:

(a) éanlaith chlóis, ealta thionscnaimh na sicíní lae agus ealta thionscnaimh na n-uibheacha goir, ní mór gan iad a bheith vacsaínithe le vacsaíní den sórt sin go ceann tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh an dáta a luchtófar an choinsíneacht lena seoladh chuig an Aontas;

(b) ní mór tástáil scoite víreas a bheith déanta ar ealta thionscnaimh na héanlaithe agus na n-uibheacha goir maidir le hionfhabhtú víreas ghalar Newcastle tráth nach luaithe ná 2 sheachtain roimh dháta luchtaithe na coinsíneachta lena seoladh chuig an Aontas nó, i gcás uibheacha goir, tráth nach luaithe ná 2 sheachtain roimh an dáta a bailíodh na huibheacha. Ní mór an tástáil a bheith déanta i saotharlann oifigiúil ar shampla randamach maipíneachtaí clóácacha a tógadh ó 60 éan i ngach ealta ar a laghad, agus nár aimsíodh aon pharaimicsivíreas éanúil ag a bhfuil innéacs pataigineachta incheirbrí is mó ná 0,4;

(c) éanlaith chlóis, seachas sicíní lae, ealta thionscnaimh na sicíní lae agus ealtaí tionscnaimh na n-uibheacha goir, ní mór dóibh a bheith coimeádta ina n-aonar faoi fhaireachas oifigiúil ar an mbunaíocht tionscnaimh ar feadh na tréimhse dhá sheachtain dá dtagraítear i bpointe (b);

(d) éanlaith chlóis, seachas sicíní lae, ealta thionscnaimh na sicíní lae agus ealtaí tionscnaimh na n-uibheacha goir, ní mór gan iad a bheith i dteagmháil le héanlaith chlóis nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i bpointí (a) agus (b):

(i) (i) i gcás éanlaith chlóis, ar feadh na tréimhse 60 lá roimh an dáta a luchtaíodh an choinsíneacht lena seoladh chuig an Aontas;

(ii) i gcás uibheacha goir, ar feadh na tréimhse 60 lá roimh an dáta a bailíodh na huibheacha;

(e) na huibheacha goir óna ndíorthaítear na sicíní lae, ní mór gan iad a bheith i dteagmháil sa ghorlann le héanlaith chlóis ná le huibheacha goir nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i bpointí (a) go pointe (d), ná le linn a n-iompair go dtí an ghorlann.";

4. in Iarscríbhinn XXVIII, i bpointe 1, sa tábla, sa tríú ró, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le gealacán uibhe triomaithe:

Táirge uibhe	Cóireáil	
	Lár-theocht (i gcéimeanna Celsius (°C))	Fad na cóireála (i soicindí (s) nó in uaireanta (uair))
"Gealacán uibhe triomaithe	67 °C	20 uair
	54,4 °C	50,4 uair";

5. in Iarscríbhinn XXIX, leasaítear an tábla tríd an téacs thíos a chur go díreach os cionn na líne a thagraíonn don ghalar víréime an Earraigh um víreas carbáin (SVC) agus dá speicis shoghabhálacha:

"Galar víris heirpéis Koi	Mar a leagtar amach i gcolún 3 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún".